C/2025/6250

19.11.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12122 — COMPASS / VERMAAT)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/6250)

1. An 6 Samhain 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Compass Group PLC ('Compass', Ríocht Aontaithe),

— Vincent Topco B.V., cuideachta sealbhaíochta an ghrúpa cuideachtaí Vermaat ('Vermaat', an Ísiltír).

Gheobhaidh Compass rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Vermaat ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Soláthraíonn Compass seirbhísí bia seachfhoinsithe ar conradh agus lamháltais do chustaiméirí in earnálacha éagsúla. Cuireann sé seirbhísí tacaíochta coimhdeacha áirithe ar fáil freisin ar nós seirbhísí bainistithe saoráidí agus glantacháin, chomh maith le seirbhísí soláthair bia. Tá sé gníomhach san Aontas Eorpach, sna Stáit Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe.

— Soláthraíonn Vermaat seirbhísí bia seachfhoinsithe ar conradh agus lamháltais do chustaiméirí in earnálacha éagsúla. Tá Vermaat gníomhach go príomha san Ísiltír agus sa Fhrainc, sa Ghearmáin agus sa Bheilg freisin ach ní a oiread céanna. Oibríonn sé líon teoranta siopaí bia áise freisin faoi na hainmneacha STACH, AH to go (faoi shaincheadúnas) agus La Place (mar chomhfhiontar) san Ísiltír.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12122 — COMPASS / VERMAAT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').